C/2024/4661

9.8.2024

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Plean Sáraithe Ailse na hEorpa: Treochtaí spreagtha le haghaidh shlándáil an tsoláthair raidiseatóp míochaine

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2024/4661)

Rapóirtéir: **Alena MASTANTUONO**

Comhrapóirtéir: **Philippe CHARRY**

Comhairleoirí	Thierry STORA (thar ceann an rapóirtéara) Véronique CHAPPELART (thar ceann an chomhrapóirtéara)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	18.1.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	Iompar, Fuinneamh, Bonneagar agus an tSochaí Faisnéise
Dáta a glactha sa rannóg	16.5.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	31.5.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	588
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	148/3/5

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Sábhálann an leigheas núicléach beatha na milliún daoine agus is cúis ollmhór dóchais é sa chomhrac i gcoinne na hailse. Fágann sin, áfach, nach foláir réamhchoinníollacha áirithe a chomhlíonadh, réamhchoinníollacha a phléitear sna conclúidí agus sna moltaí atá déanta againn inár ndiaidh anseo.

1.2. Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) chun suntais gur gá freastal ar riachtanais na n-othar san Eoraip agus a áirithiú go bhfuil rochtain chomhionann ag an uile othar ar chóir leighis in aghaidh na hailse. Leis an méadú atá tagtha ar dhiagnóisí ailse agus an chaoi ar fearr is féidir í a chóireáil anois a bhuí le dul chun cinn teicneolaíoch, ní foláir do na Ballstáit na roghanna cearta beartais agus airgeadais a dhéanamh sna cúig bliana atá le teacht. Ba cheart dóibh tús áite a thabhairt ina mbeartais sláinte poiblí don chistiú le haghaidh teicneolaíochtaí leighis raideolaíocha agus núicléacha.

1.3. San Eoraip tá 10 milliún diagnóis agus gnáthamh teiripe in aghaidh na bliana bunaithe ar radachógais agus é i ndán go dtiocfaidh méadú air sin. Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún páirt níos mó a thabhairt don leigheas núicléach nua-aimseartha i bPlean Sáraithe Ailse na hEorpa. Ba cheart tús áite a thabhairt do theiripí spriocdhírithe radanúiclíde ar an ábhar go bhfuil siad beacht agus gur lú an díobháil a dhéanann siad i gcomórtas le córacha leighis nach iad.

1.4. Is ceannaire domhanda í an Eoraip maidir le soláthar raidiseatóp chun críoch leighis. Freastalaíonn sí ar 60 % den éileamh domhanda agus tá sí i mbun raidiseatóip nua taighde a fhorbairt. San am céanna, tá spleáchais ríthábhachtacha aici ar thríú tíortha a fhad a bhaineann le bunábhair shonracha agus le sainoibríochtaí próiseála.

1.5. Ba cheart do na Ballstáit tuilleadh tacaíochta a thabhairt don Eoraip chun gur féidir di na hacmhainní atá caillte aici le blianta beaga anuas a fhorbairt athuair, acmhainní a cailleadh mar gheall ar roghanna eacnamaíocha agus polaitiúla. Ar an ábhar sin, tá CESE ag iarraidh go mbeadh dreasachtaí táirgeachta ann chun tuilleadh neamhspleáchas straitéiseach a ráthú i dtaca le soláthar raidiseatóp. I ndáil leis an méid sin, iarrann CESE ar an gComhaontas um Chógais Leighis Chriticiúla ([1]) grinnfhaireachán a dhéanamh ar sholáthar raidiseatóp san Eoraip agus a chion féin a dhéanamh chun an t-iomaíochas tionsclaíoch san earnáil sin a neartú.

1.6. Is táirgí meatacha iad na raidiseatóip: ní foláir cuid acu a úsáid laistigh de chúpla uair an chloig nó de chúpla lá tar éis a dtáirgthe. Fágann sin brú ollmhór ann chun iad a láimhseáil go héifeachtach ó thaobh na lóistíochta, an iompair agus na stórála de. Dá bhrí sin, iarrann CESE ar na Ballstáit oibriú i gcomhar le chéile d'fhonn constaicí rialála a d'fhéadfadh scrogaill a chruthú feadh an tslabhra soláthair ina iomláine a shárú.

1.7. I réimse an iompair, ní foláir do na Ballstáit uile deimhnithe coimeádán a aithint go frithpháirteach agus gan dua; is gá stádas táirgí meatacha agus foirmiúlachtaí custaim iomchuí a aithint.

1.8. Chun rochtain chomhionann ar chúram a áirithiú, iarrann CESE ar na Ballstáit, go háirithe ar na hionaid taighde agus na hospidéil, oibriú níos dlúithe ná riamh le chéile. Fós féin, ní hionann rochtain ar radaiteiripí ó Bhallstát go chéile, go háirithe ag na céimeanna forbartha agus píolótacha. Is é an aidhm atá ann rochtain níos tapúla a fháil ar chógais ag céim an taighde nó i gcás úsáid atruach ([2]), chomh maith le tuilleadh rochtana a áirithiú do na hospidéil bheaga a bhféadfadh saineolas agus bonneagar a bheith de dhíth orthu. D'fhéadfadh an rochtain sin a bheith ríthábhachtach d'othair áirithe.

1.9. Tá CESE ag iarraidh go gcuirfí leis an bhfeasacht ar an leigheas núicléach ar fud an tslabhra soláthair, ar a n-áirítear i measc baill foirne leighis agus cúraim sláinte agus i measc othar. Ar an gcaoi sin, is féidir scrogaill a sheachaint agus roghnú teiripí a éascú.

1.10. Tá CESE láidir air gur gá tús áite a thabhairt don chistiú Eorpach le haghaidh taighde, forbairt agus nuálaíocht sa leigheas núicléach, go háirithe sna cláir Fís Eorpach agus Euratom, sin agus sineirgí idir an dá chlár a éascú san am céanna. Molann sé tionscadail straitéiseacha leasa choitinn sa réimse seo a mhaoiniú faoin gcéad leagan eile den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) a bheidh ag an Aontas amach anseo.

1.11. Is lárnach an ról atá ag an seanfhlít imoibreoirí taighde i dtaca le táirgeadh raidiseatóp. Molann CESE iad a bhainistiú go héifeachtach ionas gur féidir leas a bhaint as a n-acmhainneacht theicniúil a fhad is féidir, sin agus infheistíocht a dhéanamh in acmhainneachtaí nua atá in ann freastal ar an éileamh méadaithe, mar shampla luasairí nó imoibreoirí beaga modúlacha, agus imoibreoirí nua a chur in ionad na seancheann.

1.12. I ndáil leis sin, is díol sásaimh do CESE na tionscadail nua atá ar bun san Aontas. Molann sé freisin scrúdú a dhéanamh ar an idirghníomhú le réimse na giniúna leictreachais agus a áirithiú go gcuideoidh na himoibreoirí agus saoráidí táirgthe nua le raidiseatóip mhíochaine a tháirgeadh, mar shampla i gcomhar le luasairí. Is é an aidhm atá ann líonra comhordaithe a fhorbairt le haghaidh taighde atá bunaithe ar radanúiclídí leighis nua.

1.13. Tacaíonn CESE le straitéis SAMIRA agus leis an Tionscnamh Eorpach um Ghleann Raidiseatóp (ERVI) céim ar chéim le Plean Sáraithe Ailse na hEorpa, agus is fada leis go ndéanfar dul chun cinn nithiúil sa réimse seo. Tá súil aige gur cuidiú a bheidh in ERVI chun dul i ngleic le spleáchais ar bhealach níos éifeachtaí agus go neartóidh sé acmhainneachtaí táirgthe úráiniam ard-ghráid íseal-saibhrithe (HALEU) san Eoraip, sin agus acmhainneachtaí iseatóp cobhsaí.

1.14. Is tábhachtach le CESE go ndéanfaí dícheall is dúthracht, mar is cuí, lena áirithiú go n-urramófar bearta maidir le sábháilteacht agus slándáil na foirne ar fud an tslabhra soláthair.

1.15. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí infheistíocht le teann práinne i bpleanáil, oideachas agus oiliúint na ndaoine a bhfuil gá leo san earnáil sin agus i soghluaisteacht na foirne.

([1]) An Comhaontas um Chógais Leighis Chriticiúla.

([2]) Is éard atá i gceist leis seo cóir leighis atá fós faoi thriail a thairiscint d'othair nuair a bheidh na córacha ceadaithe uile tástáilte acu.

1.16. Dar le CESE gur chóir oibriú i gcomhar le comhpháirtithe domhanda iontaofa sa taighde, san fhorbairt, sa nuálaíocht agus sa soláthar, ag tosú dóibh le tíortha comharsanachta atá lonnaithe i limistéar geografach na hEorpa.

2. **Cúlra**

2.1. Gach bliain, téann suas le 10 milliún othar san Aontas Eorpach ([3]) i muinín íomháú leighis núicléach chun galair atá orthu a dhiagnóisiú, cuir i gcás ailse nó galar croí. Tá na teicneolaíochtaí raideolaíocha agus núicléacha ríthábhachtach sa chomhrac i gcoinne na hailse ag gach céim den chúram, mar atá an luathbhrath, an diagnóis, an chóireáil agus an cúram maolaitheach.

2.2. I mí Feabhra 2021, rinne an tAontas Eorpach gealltanas polaitiúil beart a dhéanamh in aghaidh na hailse mar chuid de Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa. Is iomaí cineál cóireála ailse atá ann, ag brath ar an gcineál ailse atá i gceist, cé chomh forbartha atá sí agus cén chaoi a n-oireann an chóireáil féin don othar. Is cóireáil í an teiripe radaíochta (an radaiteiripe) a úsáideann ard-dáileoga de radaíocht logánta chun cealla ailse a mharú d'fhonn siadaí a laghdú agus a dhíothú; is éard is radaiteiripe mhóilíneach ann teiripe atá i riocht radaíocht a dhíriú ar ailsí scaipthe, rud a laghdaíonn, a oiread is féidir, na fo-iarsmaí a thugtar faoi deara le cineálacha eile cóireálacha.

2.3. Tá cuid de na cóireálacha ailse radanúiclídí núálacha is nuaí forbartha ag taighdeoirí agus cuideachtaí Eorpacha, e.g. táirgí cógaisíochta a dhíríonn ar ailse inchríneach agus ailse phróstataigh agus atá bunaithe ar an radanúiclíd Lúitéitiam-177 ([4]), ós amhlaidh atá siadsan logánta agus níos neamhdhíobhálaí don chorp ná cóireálacha eile go minic. Tá beatha na mílte othar ag brath ar theiripe radanúiclídí spriocdhírithe, agus is minic gurb í sin an t-aon chóir leighis atá ar fáil dóibh. Níl aon lagú ar an gcomhiarracht seo atá ar siúl agus tá taighdeoirí agus cuideachtaí ag forbairt cóireálacha nua go gníomhach, mar shampla alfa-theiripe spriocdhírithe a bhaineann leas as radanúiclídí nua a bhfuil airíonna radaíochta níos comhchruinnithe acu.

2.4. Is in imoibreoirí núicléacha agus i luasairí a tháirgtear an chuid is mó de na raidiseatóip. Tá seacht n-imoibreoir taighde san Eoraip a tháirgeann raidiseatóip ([5]). Tá an slabhra soláthair iomlán do raidiseatóip le haghaidh cóireáil leighis an-chasta. Áirítear leis-sean soláthar amhábhar maille lena stóráil, a n-ionradaíocht, a bpróiseáil, a lóistíocht agus a gcur i bhfeidhm. Chomh luath agus a tháirgtear na raidiseatóip, ní foláir iad a phróiseáil, a sheoladh chun siúil agus a úsáid laistigh de thréimhse réasúnta gearr, cuid acu ar an lá céanna, cuid eile laistigh de bheagán laethanta, ag brath ar an leathré atá acu ([6]). Dá bhrí sin, braitheann an slabhra soláthair ar na hairíonna sin agus ar na córais táirgthe ina n-úsáidtear imoibreoirí nó luasairí, chomh maith lena bpróiseáil agus a seachadadh chuig an ospidéal.

2.5. Cé gurb é an tAontas Eorpach an soláthróir is mó raidiseatóp míochaine dá bhfuil ar an margadh domhanda, braitheann sé go hiomlán ar na Stáit Aontaithe agus ar an Rúis lena soláthar úráiniam ísealsaibhrithe ardmheasúnachta mhiotalaigh (HALEU) a fháil, rud a úsáidtear mar bhreosla in imoibreoirí taighde, agus chun iseatóip shaibhrithe áirithe a sholáthar le haghaidh spriocanna táirgthe raidiseatóp. Mar sin féin, tá laghdú ag teacht ar spleáchas an Aontais ar an Rúis mar go bhfuil roinnt imoibreoirí ag aistriú chuig soláthróirí éagsúla. Ina dhiaidh sin is uile, is rímhór é spleáchas an Aontais agus é ag iarraidh spriocanna cobhsaí iseatóp a sholáthar dó féin, spriocanna lenar féidir raidiseatóip áirithe a tháirgeadh a úsáidtear i radaiteiripí móilíneacha nua-aimseartha nó atá á bhforbairt, cuir i gcás Itéirbiam-176 a úsáidtear chun Lúitéitiam-177 a tháirgeadh.

2.6. Tá dúshlán eile le sárú ag an Aontas freisin ó thaobh an tsoláthair de: is é sin, a shine atá na himoibreoirí taighde a úsáidtear chun raidiseatóip a tháirgeadh agus an chaoi a gcaithfí iad a dhíchoimisiúnú, b'fhéidir, sna blianta atá le teacht. Is gá, dá bhrí sin, cláir infheistíochta iomchuí a chur ar bun chun a saolré na n-imoibreoirí a bhainistiú agus fad a chur léi. Tá tionscnaimh nua ar bun ([7]) arb é is aidhm dóibh na réamh-mheastacháin reatha a chur san áireamh d'fhonn ceannaireacht na hEorpa sa nuálaíocht a choinneáil.

([3]) Plean Gníomhaíochta SAMIRA (an Coimisiún Eorpach)

([4]) Is adaimh de shubstaint cheimiceach iad na radanúiclídí agus na raidiseatóip a bhfuil airíonna radaighníomhacha acu. Is amhlaidh atá bríonna beagán difriúil acu araon.

([5]) Maria (1974) sa Pholainn, HFR (1961) san Ísiltír, BR2 (1961) sa Bheilg, FRM-II (2004) sa Fhrainc, LVR-15 (1957) sa tSeicia, BRR (1959) san Ungáir, RHF-ILL (1971) sa Fhrainc.

([6]) Is éard a thuigtear le leathré an t-am is gá chun go dtiocfaidh laghdú 50 % ar a leibhéal gníomhaíochta tosaigh.

([7]) Imoibreoirí nua cosúil le PALLAW, FRM-II, RJH, MYRRHA nó Arthur. Bonneagair nua Eorpacha, cuir i gcás ESS agus IFMIF-DONES atá á gcur san áireamh i gclár PRISMAP+.

2.7. Is éard is SAMIRA ann plean gníomhaíochta cuimsitheach an Aontais chun tacú le húsáid shábháilte, ardcháilíochta agus iontaofa na teicneolaíochta raideolaíche agus núicléiche in earnáil an chúraim sláinte. Leagtar amach sa phlean sin gníomhaíochtaí an Aontais i dtrí réimse tosaíochta: soláthar raidiseatóp míochaine a dhaingniú, cáilíocht agus sábháilteacht radaíochta sa leigheas a fheabhsú, sin agus nuálaíocht agus forbairt theicneolaíoch feidhmeanna leighis um radaíocht ianúcháin a éascú.

2.8. An tosaíocht a thugtar i bplean SAMIRA don soláthar daingnithe, is é atá mar bhonn agus mar thaca leis an bpróiseas atá dírithe ar Thionscnamh Eorpach um Ghleann Raidiseatóp (ERVI) a bhunú d'fhonn ceannaireacht dhomhanda na hEorpa i leith soláthar raidiseatóp míochaine a choinneáil agus d'fhonn cuidiú le dlús a chur le forbairt agus tabhairt isteach raidiseatóp nua agus modhanna táirgeachta nua. Is toradh í an tosaíocht sin ar roinnt conclúidí ón gComhairle (e.g. ó mhí na Bealtaine 2019), áit a n-éilítear an spleáchas ar thíortha eachtracha a laghdú i ndáil le slabhra soláthair na raidiseatóp míochaine. Tá méadú tagtha ar athléimneacht an Aontais i dtaca le soláthar iseatóp ó chuir an Rúis tús lena cogadh foghach in aghaidh na hÚcráine.

2.9. Tá cúig thionscadal á bhforbairt mar chuid de threochlár an Tionscnaimh um Ghleann Raidiseatóp (ERVI): acmhainneacht táirgthe HALEU mhiotalaigh an Aontais a fheabhsú chomh maith le hacmhainneacht táirgthe iseatóp cobhsaí saibhrithe an Aontais, táirgeadh radanúiclídí leighis láraithe a chothú, an Clár Radanúiclídí Leighis Eorpach (PRISMAP) a leathnú, sin agus modhanna monatóireachta níos iontaofa ar an soláthar agus ar an éileamh a fhorbairt.

2.10. Sainmhínítear úsáid neamhchumhachta na dteicneolaíochtaí núicléacha agus radaíochta i reachtaíocht Euratom agus i reachtaíocht na mBallstát. Tá ról ag Gníomhaireacht Soláthair Euratom i dtaca le soláthar bunábhar núicléach a úsáidtear mar bhreosla in imoibreoirí taighde agus mar sprioc chun raidiseatóip mhíochaine a tháirgeadh; rud eile, tá sí ina comhchathaoirleach, in éineacht le geallsealbhóirí ón tionscal, ar an bhFaireachlann Eorpach Soláthair a dhéanann faireachán ar an slabhra táirgthe le haghaidh raidiseatóp míochaine. Ina theannta sin, is réimse é úsáid raidiseatóp ina gcaitear rialacháin Euratom a chomhlíonadh, ar a n-áirítear bunchaighdeáin sábháilteachta agus treoracha maidir le bainistiú dramhaíola a gcumhdaítear a dtrasuí leis na rialacháin náisiúnta is infheidhme. Ar uairibh cruthaíonn rialacha náisiúnta bacainní ar sholáthar nó ar iompar raidiseatóp idir na Ballstáit. Maidir le táirgeadh Mo-99, áfach, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil a rialacha slándála iompair féin ag roinnt le gach céim ([8]): ó ionradaíocht sprice imoibreora, a bhfuil idir 3 agus 12 uair an chloig ag teastáil le haghaidh iompair, chuig saoráid phróiseála Mo de bhóthar nó d'aeriompar, ansin go dtí monaróir gineadóirí molaibdéinim agus ar deireadh go dtí na hospidéil. Ciallaíonn sé sin nach mbíonn nóiméad le cailleadh idir táirgeadh raidiseatóp agus a n-úsáid in ospidéal.

Is iad na ceithre cholún bhunúsacha a bhaineann le raidiseatóip mhíochaine a iompar ná: an tsábháilteacht, an tapúlacht, an iontaofacht agus an éifeachtúlacht. Aon athruithe ar rialacháin, go háirithe iad siúd a bhfuil tionchar acu ar Shraith Riachtanas Sonrach Sábháilteachta IAEA Uimh. SSR-6 (Rialacháin maidir le hIompar Sábháilte Ábhair Radaighníomhaigh), d'fhéadfaidís mórthionchar teicniúil a imirt ar chur isteach sainchomhad, ar a n-áirítear neamhábaltacht iarratas ar dheimhniú a thabhairt cothrom le dáta agus/nó a chur isteach. Méadaíonn na deimhniúcháin iltaobhacha/iltíre do choimeádán ainmnithe le haghaidh iompair an baol go mbeidh moill ar athdheimhniúcháin agus gineann siad costais bhreise. Lena chur ar a mhalairt de chaoi, mura mbeidh coimeádán deimhnithe ann ní dhéanfar iad a iompar, rud a fhágann gan aon táirgí radachógaisíochta ann do na hothair. Dá bhrí sin, ba cheart ceadúnais a dheonú ar leibhéal an Aontais, seachas ar an leibhéal náisiúnta, chun iompar na dtáirgí a dhéanamh níos éifeachtaí ar mhaithe leis na hothair.

2.11. Úsáidtear raidiseatóip dhiagnóisice san íomháú móilíneach agus is uirlis thábhachtach iad le haghaidh na diagnóisice. I measc na n-uirlisí diagnóisice éagsúla, níl sárú na modhanna a bhaineann le drithleagrafaíocht, SPECT-CT agus PET-CT le fáil fós agus is iad an rogha is fearr amuigh iad. Úsáidtear radanúiclídí teiripeacha i dtáirgí cógaisíochta, mar fhaoiseamh ó phian nó mar chuid de chóireáil mhaolaitheach nó íceach. Níl a gcómhaith de chóireálacha ann go fóill de thoradh an dul chun cinn atá tarlaithe le déanaí i réimse na radachógaisíochta.

3. **Barúlacha ginearálta**

3.1. I bhfianaise na riachtanas cúraim sláinte i dtaca le raidiseatóip, riachtanais a bhfuil méadú orthu i rith an ama, seans, ní mór don Aontas soláthar raidiseatóp míochaine a dhaingniú san fhadtéarma chun rochtain othair an Aontais ar ghnáthaimh leighis ríthábhachtacha a choinneáil agus chun tacú le forbairt cóireálacha ailse nua.

([8]) Déantar iompar earraí contúirteacha a rialáil trí bhíthin Eagraíocht na Náisiún Aontaithe agus gníomhaireachtaí a fheidhmíonn faoina scáth (e.g. IAEA), sin agus trí bhíthin rialacha comhlachais iompair idirnáisiúnta (IATA le haghaidh eitleán).

3.2. Ní mór leasanna na n-othar a bheith i gcroílár gach tionscnaimh a dhéanann na Ballstáit agus an tAontas. De réir CESE, ba cheart é a bheith mar phríomhsprioc freastal go héifeachtach ar shaoránaigh na hEorpa maidir le hailse a chosc ar bhealach inacmhainne, maidir le luathbhrath agus cúram, sin agus cáilíocht beatha feabhsaithe d'othair ailse. Chuige sin, ní foláir infheistíocht shuntasach a dhéanamh sa bhonneagar, i bhfianaise na neamhréireachtaí ollmhóra atá ann maidir le rochtain ar theicneolaíocht leighis agus ar radanúiclídí diagnóiseacha agus teiripeacha ar fud na hEorpa.

3.3. Tá ceithre dhúshlán ag baint leis an soláthar raidiseatóp, mar sin: conas freastal ar an éileamh méadaitheach ón earnáil cúraim sláinte ar raidiseatóip; an spleáchas mór ar thríú tíortha maidir le roinnt bunábhar buntábhachtach; a shine atá flít na n-imoibreoirí taighde agus an mhoill ar phleananna chun imoibreoirí ionradaíochta taighde a thógáil, sin agus an easpa comhchuibhiúcháin i gcur chun feidhme na rialachán is infheidhme (rialacháin núicléacha, chógaisíochta agus iompair) ar fud an Aontais.

3.4. Glactar leis, i gcás soláthar sábháilte agus cobhsaí raidiseatóp, go dteastaíonn rochtain shlán ar amhábhair, a bpróiseáil agus a gclaochlú, a n-iompar, a ndáileadh, a stóráil, a saoráidí agus a saotharlanna le ceadúnais chuí. Is gá freisin pearsanra leighis a bheith ar fáil a thabharfaidh do na hothair iad. Dá bhrí sin, baineann croí an scéil seo le codanna éagsúla den tsochaí shibhialta, cuir i gcás an tionscal, othair, eolaithe agus taighdeoirí chomh maith le dochtúirí.

3.5. Is cúis imní é a shine atá flít imoibreoirí taighde an Aontais agus tá CESE ag iarraidh go mbainfí an úsáid is fearr is féidir as imoibreoirí taighde sna Ballstáit mar aon le cláir bhainistíochta oiriúnacha. I ndáil leis sin, tacaíonn CESE le straitéis SAMIRA agus le ERVI. Measann CESE go bhfuil rochtain na n-othar ar ghnáthaimh leighis ríthábhachtach agus tacaíonn sé le cóireálacha nua a fhorbairt chun cabhrú leis an gcomhrac i gcoinne na hailse, mar atá leagtha amach i straitéis SAMIRA.

Tá sé ag iarraidh go bhfeabhsófaí cosaint ar radaíocht agus sábháilteacht radaíochta d'othair, d'fhoireann leighis agus do ghairmithe na hEorpa agus tacaíonn sé le cur chun feidhme iomlán na n-ardchaighdeán maidir le cáilíocht agus sábháilteacht na bhfeidhmeanna radaíochta leighis sna Ballstáit. Iarrann CESE freisin go leanfaí ar aghaidh leis na tionscadail is mó tábhacht (mar shampla PRISMAP) tar éis 2025 agus go mbeidís níos comhtháite.

Cuireann an Treoir maidir le Caighdeáin Bhunúsacha Sábháilteachta ([9]) creat soiléir ar fáil cheana féin maidir le cosaint ar radaíocht. Mar sin féin, ba cheart iarrachtaí a dhéanamh cur i bhfeidhm na Treorach seo a chomhchuibhiú agus í a thabhairt i dtreo na reachtaíochta cógaisíochta atá á hathbhreithniú faoi láthair, ós rud é go rialaítear leis an dá thacar reachtaíochta úsáid radachógas chun críoch diagnóisice agus teiripe.

3.6. Chomh maith le bheith ag obair ar an úsáid is fearr is féidir a bhaint as imoibreoirí taighde, ba cheart do na Ballstáit oibriú i gcomhar le chéile freisin maidir le taighde agus nuálaíocht. Ní chuirtear aon chóir leighis ar othair áirithe toisc cineálacha ionsaitheacha nó tearca ailse a bheith orthu. Dá bhrí sin, tá gá le dul chun cinn úr nuálach. Cuirtear cóireálacha nuálacha atá ag teacht chun cinn ar fáil sa bheachtleigheas, mar shampla teiripe spriocdhírithe radanúiclíde nó imdhíon-teiripe.

3.7. Tacaíonn an clár EU4Health le cáilíocht agus sábháilteacht na teicneolaíochta radaíochta a fhad a bhaineann le diagnóisic agus cóireáil ailse. A bhuí le clár taighde agus oiliúna Euratom, clár a chuireann na nithe seo a leanas chun cinn: cosaint ar radaíocht sa leigheas, soláthar iontaofa radanúiclídí leighis, taighde ar a n-úsáid shábháilte i bhfeidhmeanna sláinte agus ar a dtiontú go cúram nuálach le haghaidh othar, d'fhéadfaí sineirgí a dhéanamh le braisle Sláinte an chláir Fís Eorpach sna blianta atá le teacht ar choinníoll go n-oibreoidh seirbhísí an Choimisiúin ar bhealach fíorchomhordaithe.

3.8. Chun spleáchais a mhaolú agus chun cumais a neartú, tá gá le tuilleadh comhair ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, molann CESE tionscnaimh chomhpháirteacha a thabhairt chun cinn faoin gcéad leagan eile den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil i ngach ceann de na réimsí thuasluaite ionas go mbeidh othair incháilithe in ann rochtain a fháil ar theicneolaíochtaí leighis atá bunaithe ar radanúiclídí.

3.9. Tá nuálaíochtaí núicléacha áirithe san earnáil sláinte forbartha ag saotharlanna náisiúnta, idirnáisiúnta nó acadúla agus ag ionaid taighde, ina measc Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh. Samplaí díobh sin is ea uirlisí diagnóiseacha PET-CT nó cóireálacha radanúiclídí Lu177-DOTATATE agus Ac225-PSMA. Baineadh na nuálaíochtaí sin amach i suíomhanna taighde poiblí agus príobháideacha atá an-éagsúil ó chéile agus is gá iad a chuíchóiriú agus a chomhchuibhiú a thuilleadh. Ba cheart a chur san áireamh sa chuíchóiriú sin forbairt bhreise ar uirlisí comhchuibhithe maille le treoir do thrialacha cliniciúla luathchéime, go háirithe i gcás na diagnóisice, na teireanóisice agus táirgí radachógaisíochta teiripeacha.

([9]) Treoir 2013/59/Euratom ón gComhairle lena leagtar síos na caighdeáin bhunúsacha sábháilteachta maidir le cosaint ar na contúirtí a éiríonn as nochtadh don radaíocht ianaithe, agus lena n-aisghairtear Treoracha 89/618/Euratom, 90/641/Euratom, 96/29/Euratom, 97/43/Euratom agus 2003/122/Euratom (IO L 13, 17.1.2014, lch. 1).

3.10. Tá sé de chúram ar údaráis éagsúla ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal Eorpach agus, uaireanta, ar an leibhéal idirnáisiúnta, dramhaíl a sheoladh chun siúil, a láimhseáil agus a bhainistiú i gceart. Is bacainní iad ar rochtain a fháil ar radanúiclídí leighis le haghaidh taighde cliniciúil an easpa comhchuibhithe sin agus a dheacra atá sé an corpas dlí sin a léirmhíniú. Dá bhrí sin, tá CESE ag iarraidh go mbeadh comhordú ní b'fhearr ann idir na creataí reachtacha agus rialála sna réimsí beartais éagsúla lena mbaineann, i dtreo go bhféadfaí réitigh chomhordaithe Eorpacha a aimsiú.

3.11. Molann CESE freisin bealaí a lorg chun ábhair a athchúrsáil tar éis ionradaíochta, agus imscrúdú a dhéanamh ar réitigh eile, mar shampla spriocábhair nádúrtha agus modhanna deighilte fisiceacha a chomhcheangal, chun rochtain níos fearr ar iseatóip shaibhrithe áirithe a áirithiú.

3.12. Tá glúin amháin d'oibrithe cáilithe san earnáil núicléach caillte ag an Eoraip agus caithfidh sí an caillteanas sin a chur ina cheart. Eolaithe agus foireann leighis a bhfuil saineolas ar eolaíocht núicléach acu agus ar ó chúlraí cógaisíochta agus leighis araon dóibh, is gá cur lena líon. Tá sé ríthábhachtach scileanna na ngairmithe ar an uile leibhéal a fheabhsú, ó speisialtóirí agus innealtóirí i réimse na míochaine núicléiche go teicneoirí i réimsí an táirgthe agus na lóistíochta.

3.13. Tacaíonn CESE leis na hiarrachtaí comhordaithe atá ar bun chun measúnú a dhéanamh ar acmhainneachtaí náisiúnta, agus an mhodheolaíocht arna cur i bhfeidhm ag comhaltaí na Faireachlainne Eorpaí um Acmhainní Daonna don Earnáil Núicléach (EHRO-N) á cur san áireamh, sin agus chun lucht saothair a chothú a bheidh in ann seasamh ceannasach an Aontais a choinneáil maidir le raidiseatóip mhíochaine a sholáthar agus an nuálaíocht a chur chun cinn.

3.14. Ní le leas an Aontais é a bheith scoite amach i gcónaí; dá bhrí sin, tá CESE ag iarraidh an athuair go gcuirfí comhar ní b'fhearr ar bun le comhpháirtithe domhanda, cuir i gcás IAEA, maidir le taighde, nuálaíocht ([10]) agus soláthar. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh trí bhíthin tionscadail éagsúla, bídís príobháideach nó poiblí.

4. **Barúlacha sonracha**

4.1. In 2018, rinne eolaithe anailís ar an nasc idir líon na meaisíní cóireála radaiteiripe agus an ráta mortlaíochta de dheasca ailse ([11]). Tugadh nasc inbhéartach faoi deara: dá mhéad gléasanna a bhíonn ann is ea is lú an ráta mortlaíochta. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i mbonneagar agus i bhfoireann.

4.2. Tá CESE ag iarraidh go gcuirfí rialacha sábháilteachta i bhfeidhm go docht maidir le baill foirne a bhfuil baint acu le soláthar amhábhar, ionradaíocht, próiseáil, pacáistiú le haghaidh na n-ospidéal, gan trácht ar chúram othar agus bainistiú dramhaíola. Is mór agus rímhór an tábhacht atá leis na gairmithe cúraim sláinte, go háirithe iad siúd atá ag obair i réimsí na raideolaíochta agus an leighis núicléach, chun raidiseatóip a bhainistiú agus a riar go sábháilte le haghaidh chúram na n-othar. Tá a gcuid saineolais ríthábhachtach chun na hacmhainní mórthábhachtacha seo a úsáid go héifeachtach, rud a chuireann chun suntais an gá atá le hoideachas leanúnach ar na teicneolaíochtaí raidiseatóp agus na prótacail sábháilteachta is déanaí.

4.3. Is tábhachtach agus is ríthábhachtach freastal ar riachtanais na n-othar agus tá a ról féin ag ospidéil ([12]) lena chinntiú go bhfaighidh gach othar cóireáil ar an modh is mó a oireann dó nó di, agus ar an bpraghas is fearr, agus go mbeidh beartas iomlán aisíocaíochta ann freisin. Ón uair gur cheart an t-othar a bheith i gcroílár na sláinte poiblí, tá a sábháilteacht siúd ríthábhachtach agus tá CESE ag iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfaí bearta chun othair a chur ar an eolas ar chaoi níos fearr faoi na cóireálacha atá á gcur orthu.

Tá CESE á mholadh freisin go mbeadh na gníomhaithe uile sa slabhra soláthair ar an eolas faoi thábhacht agus saintréithe sonracha na raidiseatóp ionas gur féidir na táirgí tarrthála sin a sheachadadh go réidh.

Tá sé ag iarraidh go rachfaí i gcomhairle leis na gairmithe agus na comhpháirtithe sóisialta nuair a bhíonn beartais cúraim sláinte á bhforbairt.

An Bhruiséil, 31 Bealtaine 2024.

Uachtarán Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE

([10]) IO C 341, 24.8.2021, lch. 76.
([11]) https://www.ncbi.nlm.nih.gov/pmc/articles/PMC6163015/pdf/clep-10-1249.pdf.
([12]) Is sna hospidéil mhóra ollscoile a bhíonn an taighde cliniciúil sin ar siúl go hiondúil.

IARSCRÍBHINN

Diúltaíodh do na leasuithe seo a leanas, ar caitheadh breis agus an ceathrú cuid de na vótaí ar a son, le linn na díospóireachta (Riail 74(3) de na Rialacha Nós Imeachta):

LEASÚ 2

TEN/833

Plean Sáraithe Ailse na hEorpa: Treochtaí spreagtha le haghaidh shlándáil an tsoláthair raidiseatóp míochaine

Pointe 1.11

Le leasú mar a leanas:

Tuairim ón rannóg	Leasú
Is lárnach an ról atá ag an seanfhlít imoibreoirí taighde i dtaca le táirgeadh raidiseatóp. Molann CESE iad a bhainistiú go héifeachtach ionas gur féidir leas a bhaint as a n-acmhainneacht theicniúil a fhad is féidir, sin agus infheistíocht a dhéanamh in acmhainneachtaí nua atá in ann freastal ar an éileamh méadaithe, mar shampla luasairí nó imoibreoirí beaga modúlacha, agus imoibreoirí nua a chur in ionad na seancheann.	Is lárnach an ról atá ag an seanfhlít imoibreoirí taighde i dtaca le táirgeadh raidiseatóp. Molann CESE iad a bhainistiú go héifeachtach ionas gur féidir leas a bhaint as a n-acmhainneacht theicniúil a fhad is féidir, sin agus infheistíocht a dhéanamh in acmhainneachtaí nua atá in ann freastal ar an éileamh méadaithe, mar shampla luasairí nó imoibreoirí beaga modúlacha, agus imoibreoirí nua a chur in ionad na seancheann. ***I ndáil leis sin, is díol sásaimh do CESE na tionscadail nua atá ar bun san Aontas. Is é an aidhm ba cheart a bheith ann líonra comhordaithe a fhorbairt le haghaidh taighde atá bunaithe ar radanúiclídí leighis nua.***

Cúis

Féach Leasú 3.

LEASÚ 3

TEN/833

Plean Sáraithe Ailse na hEorpa: Treochtaí spreagtha le haghaidh shlándáil an tsoláthair raidiseatóp míochaine

Pointe 1.12

Pointe le scriosadh:

An tuairim ón rannóg	Leasú
I ndáil leis sin, is díol sásaimh do CESE na tionscadail nua atá ar bun san Aontas. Molann sé freisin scrúdú a dhéanamh ar an idirghníomhú le réimse na giniúna leictreachais agus a áirithiú go gcuideoidh na himoibreoirí agus saoráidí táirgthe nua le raidiseatóip mhíochaine a tháirgeadh, mar shampla i gcomhar le luasairí. Is é an aidhm atá ann líonra comhordaithe a fhorbairt le haghaidh taighde atá bunaithe ar radanúiclídí leighis nua.	

Cúis

Cuireadh an chéad abairt agus an abairt dheireanach le pointe 1.11 agus scriosadh an dara habairt.

Ó thaobh ábhair de: go nuige seo níor thángthas ar aon nasc idir giniúint fuinnimh núicléach agus táirgeadh na dtáirgí a theastaíonn sa leigheas núicléach. Dá bhrí sin, ba cheart do CESE a bheith cúramach agus é á mholadh aige 'a áirithiú' go soláthróidh imoibreoirí nua (fuinnimh) raidiseatóip leighis san am céanna.

Ó taobh foirme de: sa chéad roinn a ghabhann lena thuairimí (an achoimre), níor cheart do CESE ach amháin gnéithe agus iarrataí a bhfuil cur síos mionsonraithe orthu sna ranna a leanas a chur i láthair. Mar sin féin, ní luaitear an ghné a dtugtar tuairisc uirthi i bpointe 1.12. go hachomair fiú amháin i ranna 2-4.

Toradh na vótála

Ar son:	52
In aghaidh:	89
Staonadh:	6